2024/1135

16.5.2024

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 290/2023

an 27 Deireadh Fómhair 2023

lena leasaítear Iarscríbhinn XIII (Iompar) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/1135]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1020 ón gCoimisiún an 24 Bealtaine 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 a mhéid a bhaineann le hoibríochtaí héileacaptair i mbun seirbhís leighis éigeandála ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1020 aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 768/2006 ([2]) agus (CE) Uimh. 351/2008 ([3]) ón gCoimisiún, Rialacháin atá ionchorpraithe i gComhaontú LEE agus atá le haisghairm, dá réir sin, faoi Chomhaontú LEE.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 66nf (Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún):

'— **32023 R 1020**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1020 ón gCoimisiún an 24 Bealtaine 2023 (IO L 137, 25.5.2023, lch. 1).'

2. Scriostar téacsanna phointí 66ra (Rialachán (CE) Uimh. 768/2006 ón gCoimisiún) agus 66rb (Rialachán (CE) Uimh. 351/2008 ón gCoimisiún).

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1020 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 28 Deireadh Fómhair 2023, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*), nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 114/2023 ó Chomhchoiste LEE an 28 Aibreán 2023 ([4]), cibé acu is déanaí.

([1]) IO L 137, 25.5.2023, lch. 1.
([2]) IO L 134, 20.5.2006, lch. 16.
([3]) IO L 109, 19.4.2008, lch. 7.
(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.
([4]) IO L, 2023/2294, 9.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2294/oj.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Deireadh Fómhair 2023.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
Pascal SCHAFHAUSER